Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2024/6586

30.10.2024

**Fógra le haghaidh na ndaoine agus an eintitis atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh 2013/184/CBES ón gComhairle, arna leasú le Cinneadh (CBES) 2024/2783 ón gComhairle, agus i Rialachán (AE) Uimh. Uimh. 401/2013, arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2784 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Maenmar/Burma**

(C/2024/6586)

Na daoine agus an t-eintiteas a luaitear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2013/184/CBES ón gComhairle ([1]), arna leasú le Cinneadh (CBES) 2024/2783 ón gComhairle ([2]), agus in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. Uimh. 401/2013 ón gComhairle ([3]), arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2784 ón gComhairle ([4]), a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Maenmar/Burma, dírítear a n-aird siúd ar an bhfaisnéis seo a leanas.

Tá cinneadh déanta ag Comhairle an Aontais Eorpaigh gur cheart na daoine agus an t-eintiteas a ndéantar trácht orthu sna hIarscríbhinní thuasluaite a áireamh ar liosta na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh 2013/184/CBES agus i Rialachán (AE) Uimh. Uimh. 401/2013 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Maenmar/Burma. Luaitear sna hiontrálacha ábhartha sna hIarscríbhinní sin na forais ar a ndearnadh na daoine agus an t-eintiteas lena mbaineann a liostú.

Cuirtear in iúl do na daoine agus don eintiteas lena mbaineann gur féidir iarratas a dhéanamh chuig údaráis inniúla an Bhallstáit ábhartha nó na mBallstát ábhartha mar a léirítear ar na suíomhanna gréasáin a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. Uimh. 401/2013 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Maenmar/Burma, chun údarú a fháil le cistí reoite a úsáid chun freastal ar riachtanais bhunúsacha nó chun íocaíochtaí sonracha a dhéanamh (cf. Airteagal 4b den Rialachán).

Féadfaidh na daoine agus an t-eintiteas lena mbaineann, iarraidh, mar aon le doiciméadacht tacaíochta, a chur faoi bhráid na Comhairle, **roimh an 4 Nollaig 2024**, ag an seoladh seo a leanas, go ndéanfaí athmhachnamh ar an gcinneadh a rinneadh iad a áireamh ar na liostaí thuasluaite:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht
RELEX.1
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË
ríomhphost: sanctions@consilium.europa.eu

Cuirfear aon bharúlacha a gheofar san áireamh chun críoch athbhreithniú tréimhsiúil na Comhairle, i gcomhréir le hAirteagal 12 de Chinneadh 2013/184/CBES agus le hAirteagal 4i(4) de Rialachán (AE) Uimh. Uimh. 401/2013.

Cuirtear in iúl do na daoine agus don eintiteas lena mbaineann freisin gur féidir an cinneadh ón gComhairle a chonspóid os comhair Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos sa dara mír d'Airteagal 275, agus sa cheathrú agus sa séú mír d'Airteagal 263, den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

---

([1]) IO L 111, 23.4.2013, lch. 75.
([2]) IO L, 2024/2783, 29.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/2783/oj.
([3]) IO L 121, 3.5.2013, lch. 1.
([4]) IO L, 2024/2784, 29.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/2784/oj.